Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16694/24**

**AGRI 875**
**AGRILEG 455**
**AGRIFIN 144**
**AGRISTR 97**
**AGRIORG 180**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027, a d’fhormheas an Chomhairle ag an 4066ú cruinniú a bhí aici an 9-10 Nollaig 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027:**

**i dtreo earnáil talmhaíochta san Aontas a bheidh iomaíoch, athléimneach i leith géarchéimeanna, inbhuanaithe, fabhrach d'fheirmeoirí agus eolasbhunaithe amach anseo**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. AGUS Í AG FÉACHAINT do chuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a shainmhínítear in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar dá mbun a mhéadóidh an leagan nua de CBT tar éis 2027 an táirgiúlacht talmhaíochta chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta, margaí a chobhsú, infhaighteacht soláthairtí a áirithiú agus praghsanna réasúnta a áirithiú do thomhaltóirí.

2. AGUS na cuspóirí cothrománacha atá sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in CFAE Á nAITHINT AICI, cuspóirí atá infheidhme maidir le gach beartas agus, dá bhrí sin, maidir le CBT féin, lena n-áirítear in Airteagal 11 CFAE.

3. AGUS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI go n-eiseoidh an Coimisiún na tograí maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile an bhliain seo chugainn agus gur mór an tábhacht a bhaineann leo i dtaobh beartas talmhaíochta agus forbartha tuaithe. Tá na conclúidí seo gan dochar do thoradh na caibidlíochta a bhaineann leo.

4. AGUS AG MEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh an 31 Bealtaine 2022, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá CBT maidir le rannchuidiú an Aontais leis an tslándáil bia, agus na Conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh an 22 Márta 2024, inar leagadh béim ar ról ríthábhachtach CBT maidir le hearnáil talmhaíochta athléimneach inbhuanaithe don tslándáil bia, uathriail straitéiseach an Aontais agus luach pobal tuaithe bríomhar. Cuireadh i bhfios go láidir iontu freisin go bhfuil creat cobhsaí intuartha de dhíth ó fheirmeoirí, lena n-áirítear chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil agus aeráide.

5. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI gur cúis mhór imní d’fheirmeoirí é gur glacadh ceanglais nua an CBT atá ann faoi láthair agus gur thug na comhreachtóirí freagra air sin trí bhuncheanglais áirithe CBT a leasú.

6. AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do na Conclúidí ón gComhairle maidir le Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais a formheasadh an 20 Samhain 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne.

7. AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do na Conclúidí ón Uachtaránacht, ar thacaigh 26 Bhallstát leo, maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach a glacadh an 24 Meitheamh 2024 faoi Uachtaránacht na Beilge.

8. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI gur glacadh Clár Oibre Straitéiseach an 27 Meitheamh 2024 lena leagtar amach tosaíochtaí polaitiúla an Aontais do 2024-2029, lena n-áirítear go gcuirfidh an tAontas Eorpach earnáil talmhaíochta iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach chun cinn a leanann de shlándáil bia agus pobail tuaithe bhríomhara a áirithiú. Leagtar béim ann freisin ar an ngá atá le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, agus ag an am céanna leanúint den dúlra a chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú agus athléimneacht uisce a neartú ar fud an Aontais.

9. AGUS na treoirlínte polaitiúla le haghaidh an chéad Choimisiúin Eorpaigh eile (2024-2029), a foilsíodh an 18 Iúil 2024, Á dTABHAIRT DÁ hAIRE AICI, ar treoirlínte iad ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé córas talmhaíochta agus bia atá iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach a thógáil; ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil ioncam cóir leordhóthanach d’fheirmeoirí ríthábhachtach; ina gcuirtear in iúl gur gá luaíocht a thabhairt d’fheirmeoirí atá ag obair leis an dúlra, ag caomhnú ár mbithéagsúlachta agus ár n-éiceachóras nádúrtha agus ag cabhrú lenár ngeilleagar a dhícharbónú ar an mbealach chun ré ghlan-nialasach a bhaint amach faoi 2050; ina n-iarrtar biacheannasacht na hEorpa féin a chosaint agus ina luaitear an gá atá le Straitéis nua maidir le hAthléimneacht Uisce na hEorpa chun a áirithiú go ndéanfar foinsí a bhainistiú i gceart.

10. AGUS torthaí tionscnamh eile maidir leis an CBT a bheidh ann amach anseo Á dTABHAIRT DÁ hAIRE AICI, mar shampla an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ‘I dtreo an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) tar éis 2027’ agus an tuarascáil ón bPlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach.

**CBT amach anseo a bheidh dírithe ar fheirmeoirí agus a thabharfaidh luaíocht dóibh ar a n-iarrachtaí**

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go ndéanann earnáil talmhaíochta an Aontais, le tacaíocht ó CBT, bia agus earraí poiblí bunúsacha ardcháilíochta agus inacmhainne a chur ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais mar bhunchloch do gheilleagar agus do shochaí na hEorpa, agus go bhfuil ról straitéiseach ag an earnáil sin maidir le ceantair thuaithe agus gníomhaíochtaí talmhaíochta inmharthana agus éagsúla a choinneáil ar fud an Aontais, agus slándáil bia, modh maireachtála na hEorpa, traidisiúin chultúrtha agus éiceachórais á gcaomhnú ag an am céanna.

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhpháirtíocht le feirmeoirí atá bunaithe ar iontaoibh agus a riachtanaí atá sé leas na bhfeirmeoirí a bheith ina gcrann seasta ag CBT chun gur féidir cuspóirí feabhsaithe an bheartais a chur i gcrích. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart go leanfadh CBT de bheith ann mar ionstraim chomhbheartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi, go háirithe i bhfianaise a rannchuidithe bhunriachtanaigh le slándáil bia agus le sábháilteacht bia san Eoraip agus ar fud an domhain. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhleanúnachas agus sineirgí idir réimsí éagsúla beartais agus le measúnú cuí a dhéanamh ar na tionchair ar thalmhaíocht agus ar cheantair thuaithe.

13. Gan teacht roimh an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le hacmhainní agus uirlisí iomchuí tiomnaithe do CBT chun freagairt go héifeachtúil dá chuspóirí iolracha agus gur saincheist íogair é sna Ballstáit dáileadh cothrom thacaíocht CBT, go háirithe íocaíochtaí díreacha, agus gur cheart réiteach leordhóthanach a lorg.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil CBT oiriúnach do dháileadh beartasbhunaithe cistí talmhaíochta agus, dá bhrí sin, MOLANN SÍ go gcoinneofaí CBT neamhspleách ar leithligh ina mbeadh dhá cholún a mbeadh comhleanúnachas feabhsaithe ag baint leo.

15. IARRANN SÍ go mbeadh bearta láidre céad cholún ann ina mbeadh íocaíochtaí díreacha, tacaíocht ioncaim chúpláilte agus idirghabhálacha earnála chun tacú le cobhsaíocht ioncaim feirmeoirí agus chun a rannchuidiú leis an aistriú glas a dhreasú, agus ina bhfeidhmeodh bearta margaidh mar líontán sábhála le linn géarchéime.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le leanúint le bearta láidre dara colún atá tiomnaithe don fhorbairt tuaithe trí thacú le hinmharthanacht na gceantar tuaithe trí bhíthin ionstraimí lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí talmhaíochta agus gníomhaíochtaí eile nach iad agus trí ionstraimí airgeadais a úsáid, d'fhonn rannchuidiú leis an aistriú glas freisin.

**Iomaíochas a fheabhsú agus seasamh feirmeoirí sa bhiashlabhra a fheabhsú**

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feidhmiú shlabhra an tsoláthair bia, dáileadh an bhreisluacha agus luach saothair na bhfeirmeoirí a fheabhsú trí thrédhearcacht fheabhsaithe, trí chonarthaí, eagrúchán agus comhar níos fearr in earnáil na talmhaíochta, trí chomhaontuithe inbhuanaitheachta a chur chun cinn, trí shlabhraí luacha gearra, agus tríd an gcomhrac i gcoinne cleachtais éagóracha trádála, agus gur gá díriú ar an margadh i gcónaí le CBT.

18. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cobhsaíocht ioncaim na bhfeirmeoirí, rud a fhágann go bhfuil gá le méid bunúsach tacaíochta ioncaim chun gníomhaíochtaí talmhaíochta agus táirgeadh bia atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a choinneáil ar bun i réigiúin uile an Aontais.

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá feirmeacha teaghlaigh, lena n-áirítear feirmeacha beaga, mar ghnéithe bunriachtanacha de shamhail talmhaíochta na hEorpa agus IARRANN SÍ go dtabharfaí isteach bearta tiomnaithe simplí chun cabhrú lena ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh.

20. AITHNÍONN SÍ an treocht dhiúltach atá ann maidir le pobal na bhfeirmeoirí atá ag dul in aois agus a thábhachtaí atá athnuachan leordhóthanach ó ghlúin go glúin agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban, rudaí a bhfuil gá leo chun leanúnachas an táirgthe talmhaíochta agus inmharthanacht na gceantar tuaithe a áirithiú, agus IARRANN SÍ, dá bhrí sin, go ndéanfaí an tacaíocht a thugtar d'fheirmeoirí óga a neartú a thuilleadh; go gcabhrófaí leo tús a chur le gníomhaíochtaí talmhaíochta nó leanúint leo; go ndéanfaí rochtain ar acmhainní airgeadais agus ar thalamh talmhaíochta a éascú; agus go ndéanfaí aistriú feirmeacha a dhreasú chun an talmhaíocht a dhéanamh níos tarraingtí don ghlúin óg agus d'fheirmeoirí nua.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le tacaíocht d'infheistíochtaí chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar fud an bhiashlabhra agus chun bonneagar tuaithe a fheabhsú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus úsáid ionstraimí airgeadais a éascú a thuilleadh.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbíonn gá le hiarrachtaí breise chun feirmeoireacht a dhéanamh i gceantair atá thíos le srianta nádúrtha, agus go bhfuil géarghá le gníomhaíocht talmhaíochta agus láithreacht an duine i gcónaí ar mhaithe le cothromaíocht éiceolaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch na gceantar sin. Dá bhrí sin, is féidir feirmeoirí a chúiteamh as a gcuid iarrachtaí, costas breise agus ioncaim ligthe thar ceal a thabhaíonn siad sna ceantair sin.

23. AITHNÍONN SÍ saintréithe agus riachtanais shonracha talmhaíochta na n-oileán agus na stát oileánach, na gceantar a bhfuil dlús ard daonra iontu, na gceantar sléibhtiúil, na réigiún iargúlta, na réigiún ó thuaidh agus, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE, na réigiún is forimeallaí san Aontas, nach mór déileáil leo ar chaoi ar leith.

**<u>Samhail seachadta atá fabhrach don fheirmeoir</u>**

24. AITHNÍONN SÍ go bhfuil solúbthacht á cur ar fáil do na Ballstáit leis an tsamhail seachadta feidhmíochtbhunaithe de chistí CBT agus gur cheart, dá bhrí sin, í a choinneáil, ach LEAGANN SÍ BÉIM AR an bhfíoras go bhfuil ualach riaracháin agus ceanglais nach bhfuil gá leo ar fheirmeoirí agus ar riaracháin náisiúnta araon mar thoradh ar na rialacha agus na nósanna imeachta atá ann cheana, agus dá bhrí sin IARRANN SÍ go mbeadh na rialacha níos straitéisí, i bhfad níos simplí, níos comhleanúnaí agus níos éasca le cur chun feidhme i gcás Phleananna Straitéiseacha CBT, agus cobhsaíocht á háirithiú ag an am céanna. MEASANN SÍ gur gá tuilleadh feabhais a chur ar ailtireacht CBT atá bunaithe ar thorthaí.

25. TATHANTAÍONN SÍ go ndéanfaí nós imeachta formheasa agus modhnaithe na bPleananna Straitéiseacha CBT a shimpliú agus a luathú, ag díriú ar a gcineál straitéiseach le leibhéal laghdaithe sonraí agus ar an gcaoi sin go bhféadfaí iad a ghlacadh go pras agus freagairt orthu chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha agus ar imthosca athraitheacha.

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart é a bheith d’aidhm ag forbairt agus úsáid bhreise na dteicneolaíochtaí digiteacha an t-ualach oibre riaracháin a laghdú d’fheirmeoirí agus do riaracháin araon, trí chúnamh níos mó a thabhairt d’fhaireachán agus do rialuithe, trí oibleagáidí tuairiscithe agus doiciméadaithe feirmeoirí a éascú agus trí na ceanglais maidir le measúnú cáilíochta a shimpliú.

27. MEASANN SÍ gur cheart an córas faireacháin agus meastóireachta a bheith níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos simplithe maidir leis an tacar táscairí, na sonraí is gá maidir leis an gcóras rialaithe agus smachtbhannaí, agus an mheastóireacht ar Phleananna Straitéiseacha CBT, agus nár cheart an brú ar na seiceálacha ar an láthair a mhéadú leis. CREIDEANN SÍ gur cheart an córas aonadmhéideanna a athscrúdú, go háirithe i gcás bearta nach bearta CCRR iad.

**Feirmeoirí a dhreasú a thuilleadh i dtreo aistriú glas ar mhaithe le hearnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe**

28. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról ríthábhachtach gníomhach atá ag an talmhaíocht agus ag feirmeoirí san aistriú glas agus CUIREANN SÍ I bhFIOS gurbh é CBT is mó, i réimse na talmhaíochta, a rannchuidigh le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais.

29. DEARBHAÍONN SÍ nach féidir an t-aistriú glas a bhaint amach ach amháin i gcomhpháirtíocht le feirmeoirí, dá bhrí sin, MEASANN SÍ nach mór iad a dhreasú go leordhóthanach agus suim a mhúscailt iontu cleachtais táirgthe talmhaíochta atá freagrach ó thaobh na héiceolaíochta de a chur i bhfeidhm trí luach saothair a thabhairt dóibh anuas ar na costais agus an ioncam a fuair siad go dtí seo dá seirbhísí éiceachórais.

30. AITHNÍONN SÍ go bhfuil feidhmiú cuí agus caomhnú na n-éiceachóras ríthábhachtach chun an tslándáil bia a áirithiú, dá bhrí sin, nach bhfuil aon dul as ach go gcaithfidh CBT leanúint de bheith ag rannchuidiú le haistriú earnáil na feirmeoireachta i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe lena gcuideofar le cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta, comhshaoil, na feirmeoireachta orgánaí, leasa ainmhithe agus cuspóirí inbhuanaitheachta eile an Aontais a bhaint amach, agus MEABHRAÍTEAR DI gur gá an chothromaíocht cheart a áirithiú idir inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil ionas go mbeidh sé tarraingteach rannchuidiú leis na seirbhísí éiceachórais.

31. MEABHRAÍTEAR DI go n-eascraíonn astaíochtaí talmhaíochta as próisis nádúrtha freisin agus, dá bhrí sin, go bhfuil teorainneacha nádúrtha in earnáil na talmhaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir le réitigh a bhfuil taighde agus nuálaíocht mar bhonn taca leo cuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht a laghdú.

32. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé dúshlánach do roinnt feirmeoirí caighdeáin áirithe coinníollachta a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, MEASANN SÍ gur gá na rialacha a choigeartú ionas go mbeidh siad níos indéanta agus níos éasca do na feirmeoirí iad a chomhlíonadh.

33. MEABHRAÍTEAR DI gur tugadh isteach na héiciscéimeanna chun rannchuidiú na hearnála leis na spriocanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe a mhéadú; agus IARRANN SÍ go neartófaí ról na mbeart sin mar phríomhuirlis an aistrithe ghlais sa chéad cholún. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, chun a n-acmhainneacht a bhaint amach go hiomlán, gur cheart féidearthachtaí a fhiosrú d'fhonn ceanglais a chuíchóiriú agus a shimpliú chun cur chun feidhme praiticiúil a éascú, agus ag an am céanna an tsolúbthacht is gá a cheadú do na Ballstáit chun a sainiúlachtaí a láimhseáil.

34. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bearta deonacha agra-chomhshaoil-aeráide den dara colún, a bhfuil cur chuige atá bunaithe ar dhreasachtaí acu, ina bpríomhionstraim chun an comhshaol a chosaint agus chun cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a fhorbairt a thuilleadh.

35. CREIDEANN SÍ gur gá feirmeoirí a dhreasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun teicneolaíochtaí nuálacha cliste a chur i bhfeidhm chomh maith le cleachtais feirmeoireachta agrai-éiceolaíocha agus carbóin, ar féidir leo rannchuidiú a thuilleadh leis na cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach agus an t-aistriú glas a éascú.

<u>**Rioscaí a bhainistiú agus géarchéimeanna a láimhseáil ar mhaithe le talmhaíocht an Aontais a sheasfaidh gach géarchéim**</u>

36. MEABHRAÍTEAR DI go raibh caillteanais agus damáiste tromchúiseach ann mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar líon na ngéarchéimeanna a bhaineann leis an nádúr agus leis an margadh ar nós teagmhais aimsire urghnácha, galair ainmhithe agus lotnaidí plandaí níos minice agus níos déine, costais arda ionchuir, turraingí a eascraíonn as suaití sa mhargadh seachtrach, agus gur tháinig meath suntasach ar iomaíochas agus ar athléimneacht na hearnála dá bharr.

37. MEASANN SÍ gur gá feasacht a mhúscailt, oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú, agus bearta coiscthe riosca agus ullmhacht i leith na haeráide a chur chun cinn a thuilleadh i measc feirmeoirí, agus uirlisí agus straitéisí bainistithe riosca iomchuí a ghlacadh, agus gan bac a chur ar réitigh mhargadhbhunaithe ag an am céanna. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodhanna bainistithe riosca chun athléimneacht na hearnála a fheabhsú agus chun raon leathan beart solúbtha a chuimsiú le haghaidh árachais agus cistí frithpháirteacha, ar bearta iad atá tarraingteach do thairbhithe.

38. AITHNÍONN SÍ gur príomhacmhainn don táirgeadh talmhaíochta é an t-uisce agus MEASANN SÍ gur den tábhacht é feabhas a chur ar athléimneacht na ndobharlach, ar infhaighteacht agus ar bhainistiú uisce san Aontas. MOLANN SÍ don Choimisiún sainiúlachtaí na talmhaíochta a chur san áireamh i dtionscnaimh a bhaineann le huisce atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus .

39. MEASANN SÍ gur gá an creat beartais géarchéime atá ann cheana a fheabhsú le rialacha níos solúbtha lena gcumhachtaítear do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach freagairt fhrithghníomhach, thapa, éifeachtúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a thabhairt ar ghéarchéimeanna chun na héifeachtaí díobhálacha ar earnáil na feirmeoireachta a mhaolú.

40. IARANN SÍ go dtabharfaí níos mó solúbthachta do na Ballstáit agus ionstraimí CBT á n-úsáid acu chun freagairt ar ghéarchéimeanna réigiúnacha nó náisiúnta.

41. MEASANN SÍ gur sraith uirlisí iomchuí dlí é Rialachán Chomheagrú an Mhargaidh Aonair chun tacú le feirmeoirí atá thíos le cineálacha éagsúla géarchéimeanna, ach LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le nósanna imeachta níos tapúla agus níos simplí chun tacaíocht eisceachtúil a chur ar fáil d'fheirmeoirí.

**<u>Talmhaíocht atá bunaithe ar eolas, taighde agus nuálaíocht le haghaidh an aistrithe ghlais</u>**

42. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an taighde agus an nuálaíocht ina bpríomhspreagadh do tháirgeadh agus próiseáil agraibhia atá inbhuanaithe agus iomaíoch, agus go bhfuil ról lárnach acu chun bia inbhuanaithe, sábháilte, sláintiúil, cothaitheach agus inacmhainne a bhaint amach.

43. AITHNÍONN SÍ ról tábhachtach agus éifeachtacht na gCóras um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) chun talmhaíocht atá bunaithe ar eolas a chur chun cinn, agus an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Líonra Eorpach CBT chun an córas eolais don chomhshaol agus don aeráid a neartú.

44. LEAGANN SÍ BÉIM AR ról an gheilleagair chiorclaigh agus an bhithgheilleagair chun cuidiú le hacmhainní bitheolaíocha, modhanna nuálacha agus cleachtais dhúlrabhunaithe a úsáid go héifeachtúil chun tacú le haistriú glas na n-earnálacha feirmeoireachta agus foraoiseachta, agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá CBT i ndáil leis an méid sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do CBT nua ról na bithmhaise mar phríomhfhoinse carbóin in-athnuaite a chur chun cinn, a éagsúlú agus a chomhtháthú a thuilleadh.

45. AITHNÍONN SÍ na deacrachtaí airgeadais a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuireann an easpa rochtana ar eolas bac ar ghlacadh teicneolaíochtaí inbhuanaithe éagsúla. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le taighde feidhmeach, réitigh theicniúla agus nuálaíochtaí a fhreagraíonn ar éagsúlacht na hearnála, chun tionchar a chruthú agus chun rannpháirtíocht na bhfeirmeoirí, na bhforaoiseoirí agus na ngeallsealbhóirí tuaithe eile a fheabhsú sa phróiseas nuálaíochta.

***

46. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nua na conclúidí sin a mheas agus an Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia á hullmhú aige sa chéad 100 lá dá shainordú.

47. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nua na conclúidí sin a chur san áireamh agus na tograí reachtacha maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 á n-ullmhú aige, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá go nglacfar go tráthúil iad, chun dóthain ama a fhágáil don nós imeachta comhchinnteoireachta. MEABHRAÍONN SÍ dó gur ar na comhreachtóirí atá an fhreagracht pholaitiúil as na roghanna beartais a áirítear i mbearta reachtacha CBT.